**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2021/2007(INI)**

10.09.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

maidir le plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht an Aontais
(2021/2007(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Irène Tolleret

# MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi cur i láthair an phlean gníomhaíochta nua um maoin intleachtúil[1] agus aithníonn sí a thábhachtaí atá sé don earnáil agraibhia; á chur i bhfáth go bhfuil ról suntasach ag tásca geografacha (TGanna) agus ag sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht (STRanna) maidir le cearta intleachtúla agus clú earnáil bia agus dí an Aontais a chosaint sa mhargadh aonair agus i margaí idirnáisiúnta; á mheabhrú go bhfuil thart ar 3300 táirge cosanta ag an Aontas mar TGanna, agus 64 mar STRanna;

2. á mheabhrú go bhfuil tábhacht mhór eacnamaíoch ag baint le TGanna, arb ionann iad agus thart ar 7 % de dhíolacháin iomlána agus 15.4 % d'onnmhairí bia agus deochanna an Aontais; ag tabhairt dá haire go bhfuil luach bliantúil na dtáirgí sin uile méadaithe go dtí níos mó ná EUR 75 bhilliún, agus go dtagann níos mó ná aon chúigiú de sin ó onnmhairí lasmuigh den Aontas;

3. á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá feabhas a chur ar chosaint TGanna agus STRanna mar chearta maoine intleachtúla, laistigh den mhargadh aonair agus ar fud an domhain araon trí chomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha le tríú tíortha; á chreidiúint gur cheart cosaint níos fearr a thabhairt do TGanna i gcoinne na gcleachtas mí-iompair tráchtála go léir i ndlí an Aontais, lena n-áirítear nuair a úsáidtear mar chomhábhair iad nó nuair a dhíoltar mar chuid de sheirbhís iad; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach ndéanfaidh tríú páirtí clú na TGanna atá i gceist a lagú; ag cur béim ar a thábhachtaí atá an chosaint sin chun poist san Aontas a bhaineann le táirgeadh agus dáileadh na dtáirgí sin a chaomhnú; á thabhairt chun suntais gur gá feabhas a chur ar na seiceálacha ar thionscnamh comhábhar le haghaidh na TGanna go léir, lena n-áirítear sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint (STFCanna) agus tásca geografacha faoi chosaint (TGFCanna); á chur in iúl gur oth léi gur diúltaíodh, le linn na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair maidir le nuachóiriú an Chomhaontaithe Comhlachais idir AE agus an tSile, cosaint eisiach a thabhairt do TGanna suaitheanta de chuid an Aontais, go háirithe in earnáil an fhíona;

4. á chur i bhfios go gcuireann feachtais phromóisin le muinín tomhaltóirí as codanna tábhachtacha den bhiashlabhra agus go méadaíonn siad feasacht i dtaobh cháilíocht agus thionscnamh na dtáirgí; á chur i bhfios, ina theannta sin, go bhfágann na feachtais sin gur furasta barántúlacht táirgí ar ardchaighdeán a shainaithint agus, go hindíreach, iad a chosaint ar fhorghabháil agus ar aithrisí; á iarraidh ar an gCoimisiún feachtais phróimóisin TGanna agus STRanna a neartú sa chéad athbhreithniú eile ar an reachtaíocht chomhfhreagrach, agus feabhas a chur ar fheasacht na dtomhaltóirí, lena n-áirítear leis an aidhm an tomhaltas áitiúil a mhéadú agus tacú le slabhraí soláthair gairide agus le córais bhia chríochacha atá sláintiúil, athléimneach agus inbhuanaithe;

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 dar teideal 'An Leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht nuálach an Aontais Eorpaigh – Plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht an Aontais Eorpaigh' (COM(2020)0760).

5. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sásraí soláthair phoiblí a oiriúnú chun feabhas a chur ar an rochtain ar tháirgí a bhfuil lipéad cáilíochta orthu amhail TGanna agus STRanna;

6. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar dhíolacháin ar líne le linn phaindéim COVID-19 agus go bhfuil an-acmhainn sa mhargadh sin do TGanna agus do STRanna, ach á chur i bhfáth nach féidir é a bhaint amach ach amháin má thugtar cosaint níos fearr do chearta intleachtúla; á chur i bhfios gur cheart feidhm a bheith ag cosaint TGanna maidir le gach earra a dhíoltar ar líne agus gur cheart nósanna imeachta a chur ar fáil do tháirgeoirí TGanna chun cosc a chur ar chlárúcháin ainmneacha fearainn de mheon mímhacánta lena ndéantar dochar do chosaint TGanna; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh cosaint ar líne, go sonrach trína háireamh i gcomhaontuithe trádála déthaobhacha agus iltaobhacha; á mheabhrú go ndearna an Pharlaimint moltaí sa réimse sin le linn na bpléití ar athchóiriú an chomhbheartais talmhaíochta agus gur aontaigh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar na tograí sin; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil de rún ag an gCoimisiún oibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun TGanna a chosaint ar fud an domhain trí Chlárlann iltaobhach Liospóin de chuid na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) agus dlús a chur lena rannpháirtíocht i bhfóraim idirlín dhomhanda chun a áirithiú go n-urramaítear go hiomlán an córas idirnáisiúnta ainmneacha fearainn maidir le cearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear TGanna;

7. á mheas gur cheart do shaincheist an ró-ualaigh riaracháin a chuirtear ar tháirgeoirí i ndáil le clárú, leasú agus bainistiú sonraíochtaí táirgí TG agus STR a bheith i gceartlár na bpléití amach anseo; á mheabhrú gur simplíodh na nósanna imeachta chun na sonraíochtaí le haghaidh TGanna a leasú agus gur cuireadh i riocht níos éifeachtúla iad le haghaidh táirgí fíona agus agraibhia faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar athchóiriú an chomhbheartais talmhaíochta, agus gur cheart an cur chuige sin a neartú amach anseo;

8. á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar an ról atá ag grúpaí táirgeoirí TGanna; á mheas, i ndáil leis sin, gur céim thábhachtach chun an cuspóir sin a bhaint amach na huirlisí bainistithe soláthair a chuirtear i bhfeidhm maidir le cáiseanna agus liamhása STFC agus TGFC, a comhaontaíodh faoi chuimsiú athchóiriú an chomhbheartais talmhaíochta, a leathnú chuig gach earnáil talmhaíochta agus fíona; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí breise a dhéanamh chun cur ar chumas grúpaí táirgeoirí bainistiú níos fearr a dhéanamh ar chlú agus ar mhargaíocht a dtáirgí agus an tionchar atá acu sa slabhra luacha a neartú;

9. ag tacú le mian an Choimisiúin na rialacha maidir le TGanna, a leagtar amach faoi láthair i gceithre rialachán de chuid an Aontais (trí rialachán i ndiaidh athchóiriú an chomhbheartais talmhaíochta), a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú, agus béim á leagan aici ar an ngá atá le creat sonrach comhtháite a choimeád le haghaidh táirgí fíona agus le haghaidh biotáille;

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil de chuspóir ag an gCoimisiún táirgeoirí TGanna a spreagadh chun táirgí inbhuanaithe a mhargú chun freastal ar éilimh na sochaí agus ar ionchais na dtomhaltóirí; á chur i bhfáth gurb amhlaidh, ar thionscnamh na Parlaiminte, atá deis tugtha isteach, faoi chuimsiú an athchóirithe ar an gcomhbheartas talmhaíochta, go n-áireodh táirgeoirí i sonraíochtaí, ar bhonn deonach, an méid a chuireann a gcuid

táirgí leis an bhforbairt inbhuanaithe; á mheas gur cheart an deis sin a threisiú i dtionscnaimh ón gCoimisiún amach anseo;

11. á chur i bhfáth gur modh chun maoin intleachtúil a chosaint agus chun barántúlacht a thaispeáint trí thionscnamh an táirge a léiriú, thar aon ní eile, iad TGanna; á iarraidh, maidir le tionscnaimh ón gCoimisiún amach anseo, nach ndéanfar dochar leis na tionscnaimh sin go díreach ná go hindíreach do TGanna ná do STRanna trí bhearta a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dóibh; á chur i bhfáth, go háirithe, gur gá teacht ar réiteach cothromúil maidir le lipéadú cothúcháin i gcomhthéacs na dtionscnamh a bheidh ann amach anseo faoin Straitéis "ón bhFeirm go dtí an Forc";

12. á aithint go bhfuil dreasachtaí le haghaidh nuálaíocht i ndáil le cineálacha síolta agus plandaí ríthábhachtach chun freastal ar éilimh na bhfeirmeoirí agus na dtomhaltóirí; á chur i bhfáth go laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa le feabhsuithe ar phórú plandaí agus ainmhithe trí thalmhaíocht níos éifeachtúla agus níos sábháilte a chur ar fáil;

13. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach cearta maoine intleachtúla a chosaint ar bhealach lena gcuirtear taighde agus nuálaíocht chun cinn, go háirithe chun cineálacha talmhaíochta níos athléimní a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, samhlacha feirmeoireachta inbhuanaithe agus agrai-éiceolaíocha a bhaint amach, ar samhlacha iad lena dtugtar cosaint d'acmhainní nádúrtha agus lena n-urramaítear acmhainn atáirgthe agus ábhair ilchineálaigh neamhchosanta san earnáil orgánach, agus cur leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip; á chur i bhfáth go bhfuil gá le córas láidir infhorfheidhmithe cosanta san Aontas chun cearta maidir le cineálacha plandaí a chosaint; á chur i bhfios nach mór do chearta maoine intleachtúla cur le slándáil an tsoláthair bia agus le hathléimneacht agus iomaíochas shamhail agraibhia an Aontais;

14. ag meabhrú rún an 19 Meán Fómhair 2019 uaithi maidir le hinphaitinneacht plandaí agus próiseas riachtanach bitheolaíoch; á áitiú, áfach, nár cheart do laghdú ar éagsúlacht speiceas agus cineálacha ná do chailliúint neamhspleáchais feirmeoirí a bheith mar thoradh ar chearta maoine intleachtúla; á chur i bhfios go láidir go n-áirítear i gcóras na gceart maidir le cineálacha plandaí atá ag an gComhphobal (CPVR) coinníollacha agus coimircí le haghaidh neamhspleáchas feirmeoirí agus nach foláir, dá bhrí sin, gurb é an t-aon chóras amháin é a bheidh ann chun cineálacha plandaí a chosaint; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, gur ann do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Tuathánach agus Daoine Eile a Oibríonn i gCeantair Thuaithe;

15. á áitiú, dá bhrí sin, nach mór d'fheirmeoirí fanacht i mbun úinéireacht a síolta agus a n-ábhar pórúcháin i gcomhréir le córas na gceart maidir le cineálacha plandaí dá bhforáiltear leis an Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV) agus i Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle[2], agus nach mór dóibh a bheith in ann a síolta a roghnú agus a oiriúnú do dhálaí agus riachtanais áitiúla; á athdhearbhú nach ceadmhach do chineálacha plandaí agus ainmhithe, lena n-áirítear codanna agus tréithe, do phróisis bhitheolaíocha riachtanacha ná do tháirgí a thagann as na próisis sin a bheith inphaitinnithe ar bhealach ar bith, de bhun Threoir 98/44/CE[3] agus de bhun

[2] Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail i ndáil le cineálacha plandaí, IO L 227, 1.9.1994, lch. 1.
[3] Treoir 98/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 1998 maidir le cosaint dlí aireagán

intinn reachtas an Aontais, agus go bhfuil sí fós ar an airdeall maidir le cur chun feidhme an phrionsabail sin, agus á aithint dá bhrí sin gur oidhreacht choiteann ag cách na plandaí agus na hainmhithe uile atá san fhearann poiblí;

16. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá córas CPVR chun a áirithiú go bhféadfaidh póraitheoirí leanúint de chineálacha nua a fhorbairt le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe bia agus le haghaidh gairneoireacht inbhuanaithe, agus tairbhe le baint as sin ag póraitheoirí, ag saothróirí, ag feirmeoirí, ag tomhaltóirí agus ag an tsochaí i gcoitinne; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil córas CPVR san áireamh sa phlean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun feabhas a chur ar chosaint na gceart maidir le cineálacha plandaí agus, dá bhrí sin, éifeachtacht an chórais amach anseo agus cur i bhfeidhm cuí an chórais sin a áirithiú; á chur i bhfios go láidir gurb é láidreacht an chórais cosanta maidir le cineálacha plandaí an bealach cothromúil a gcosnaítear leis obair na bpóraitheoirí, agus ag an am céanna á áirithiú, trí dhíolúine na bpóraitheoirí, go bhféadfaidh daoine eile úsáid gan bhac a bhaint as cineálacha atá faoi chosaint chun cineálacha nua a chruthú agus chun margaíocht a dhéanamh orthu;

17. á chur i bhfios gur éirigh go maith leis an tsamhail reatha maoine intleachtúla sa talmhaíocht; ag cur i bhfáth gur toradh dearfach – ó thaobh réitigh nuálacha sa talmhaíocht a chur chun feidhme de – a bhí ar an gcómhaireachtáil idir paitinní agus samhail chosanta na gceart maidir le cineálacha plandaí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit acmhainneacht nuálaíochta na hearnála agus an leas ginearálta a chosaint ar bhealach lena n-áirithítear go mbeidh rochtain éifeachtach ar ábhar atáirgthe plandaí agus go n-úsáidfear é ionas nach gcuirfear isteach ar chleachtais lena ráthaítear cearta na bhfeirmeoirí agus díolúine na bpóraitheoirí plandaí; á mheabhrú nach gceadaítear le córas na gceart maidir le cineálacha plandaí a chumhdaítear i gCoinbhinsiún UPOV agus i Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle do shealbhóir cirt maidir le cineálacha plandaí cosc a chur ar dhaoine eile úsáid a bhaint as an gcineál planda atá faoi chosaint chun críche gníomhaíochtaí pórúcháin breise;

18. á chur i bhfáth gur cheart iarrachtaí breise a dhéanamh an trédhearcacht a mhéadú maidir le stádas agus inphaitinneacht ábhair bhitheolaíoch; á chur i bhfios gur cheart rochtain leordhóthanach a thabhairt do phóraitheoirí ar fhaisnéis faoin ábhar bitheolaíoch a úsáidfidh siad sa phróiseas pórúcháin plandaí; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún modhanna nua a chur chun feidhme chun comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh agus chun faisnéis a mhalartú; ag cur i gcoinne aon phaitinniú ar ainmhithe beo;

19. á chur in iúl gur geal léi gur mian leis an gCoimisiún, faoi chuimsiú an phlean gníomhaíochta um maoin intleachtúil, féachaint an féidir córas cosanta TGanna a bhunú le haghaidh táirgí neamhthalmhaíochta ar leibhéal an Aontais; á mheas go gcuirfeadh tionscnamh den sórt sin ar chumas tháirgeoirí an Aontais lántairbhe a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le córas idirnáisiúnta Ionstraim na Ginéive maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus TGanna a chlárú go hidirnáisiúnta, ar córas é atá á bhainistiú ag EDMI;

20. ag tabhairt dá haire, i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara maidir leis an measúnú tionchair tosaigh a rinne an Coimisiún d’fhonn córas cosanta

biteicneolaíoch, IO L 213, 30.7.1998, lch. 13.

TGanna le haghaidh táirgí neamhthalmhaíochta a bhunú, go raibh tacaíocht leathan ann do thionscnamh den sórt sin de chuid an Aontais, agus suntas á thabhairt do na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann do na táirgí lena mbaineann ó thaobh trádáil idirnáisiúnta, trédhearcachta agus sainaithint tionscnaimh do thomhaltóirí agus ó thaobh forbairt eacnamaíoch do FBManna agus do cheantair thuaithe an Aontais.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 09.09.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 37<br>–: 7<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Eric Andrieu, Carmen Avram, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Alin Mituța, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Claude Gruffat, Petros Kokkalis, Cristina Maestre Martín De Almagro, Joëlle Mélin, Michaela Šojdrová, Marc Tarabella |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 37 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Gilles Lebreton, Joëlle Mélin |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Michaela Šojdrová, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Alin Mituța, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Eric Andrieu, Carmen Avram, Paolo De Castro, Cristina Maestre Martín De Almagro, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Marc Tarabella |

| 7 | - |
|---|---|
| The Left | Luke Ming Flanagan, Petros Kokkalis, Chris MacManus |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Claude Gruffat, Martin Häusling, Sarah Wiener |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Ivan David |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh